Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9675/23**

**ESPACE 23**
**CFSP/PESC 754**
**CSDP/PSDC 405**
**TRANS 202**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8962/23 |
| Ábhar: | Úsáid chóir inbhuanaithe an spáis<br>- *Conclúidí ón gComhairle (formheasta an 23 Bealtaine 2023)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Úsáid chóir inbhuanaithe an spáis", a ghlac an Chomhairle ag an 3949ú cruinniú a bhí aici, an 23 Bealtaine 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Úsáid chóir inbhuanaithe an spáis'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI

A. na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta' an 10 Meitheamh 2022[1] ina moltar an sainmhíniú infheidhme ar bhainistiú spástráchta (STM) ón Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le 'Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta – Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda'[2] an 15 Feabhra 2022 a úsáid mar bhonn don obair leanúnach ar leibhéal an Aontais agus don ullmhúchán do rannchuidiú an Aontais leis an bplé idirnáisiúnta;

B. an Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le bainistiú spástráchta an 4 Samhain 2021[3], mar gharsprioc sa treochlár a d'fhormhuinigh an Chomhairle, ina leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige AE maidir le bainistiú spástráchta a fhorbairt, lena n-urramaítear inniúlachtaí na mBallstát agus an rún atá acu fanacht i gceannas ar rialacha bainistithe spástráchta a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

C. rannchuidiú comhpháirteach an Aontais maidir le cur chun feidhme Threoirlínte Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le hÚsáidí Síochánta an Chianspáis le haghaidh Inbhuanaitheacht Fhadtéarmach Ghníomhaíochtaí Cianspáis[4];

---

[1] 10071/22.
[2] JOIN(2022) 4.
[3] 13407/21 + COR 1.
[4] Doiciméad A/AC.105/C.1/2023/CRP.12 ar fáil ag https://www.unoosa.org/res/oosadoc/data/documents/2023/aac_105c_12023crp/aac_105c_12023crp_12_0_html/AC105_C1_2023_CRP12E.pdf

1. AITHNÍONN SÍ gur coimín dhomhanda é an spás, oscailte don taiscéalaíocht agus le húsáid ag gach stát gan aon idirdhealú, ar bhonn comhionannais agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta[5]; agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an ceart chun úsáide saor, cothrom agus síochánta a bhaint as spás agus chun rochtain a fháil ar an spás chun tairbhe chách, gan beann ar mhéid a bhforbartha eacnamaíche nó eolaíochta ná ar leibhéal a gcumas spáis; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart d'úsáid chóir inbhuanaithe an spáis riachtanais an lae inniu a chomhlíonadh gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht a riachtanais féin a chomhlíonadh;

2. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil teicneolaíocht, sonraí agus seirbhísí spáis tar éis éirí ríthábhachtach i saol laethúil mhuintir na hEorpa agus, ar an gcaoi sin, go spreagann siad forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht, deiseanna fostaíochta agus fás eacnamaíoch a chruthú, iomaíochas na hEorpa a mhéadú, tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint agus athléimneacht agus slándáil an Aontais a fheabhsú;

3. ADMHAÍONN SÍ gur limistéir iad fithisí satailíte sonracha, go háirithe ísealfhithisí domhanda (LEO), atá ag éirí plódaithe agus guaiseach go mear mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an méid réad spáis, mar shampla smionagar agus satailítí, lena n-áirítear cinn nach féidir a ionramháil, atá ag fithisiú ar luasanna an-ard, agus ar an gcaoi sin atá ag cur i mbaol na deiseanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le húsáid spáis agus rochtain a fháil ar spás; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil líon na réad sa spás ag fás go tapa agus go bhfuil riosca díreach ann do thrácht fithiseach sábháilte inbhuanaithe agus do ghníomhaíochtaí spáis; CUIREANN SI I dTREIS, faoi na coinníollacha atá ann faoi láthair, go dtiocfaidh méadú breise ar líon an smionagair mar thoradh ar ghníomhaíochtaí spáis a bheidh ann amach anseo; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá cumais chun faireachán a dhéanamh ar shatailítí agus smionagar spáis agus chun imbhuailtí a sheachaint agus chun rochtain shábháilte ar an spás agus filleadh uaidh a chumasú;

4. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cur chun feidhme na mbeart maolaithe a chothú chun smionagar spáis a bheidh ann amach anseo a íoslaghdú agus gníomhaíochtaí taighde feabhsúcháin smionagair a chur chun cinn chun an méid smionagair atá ann cheana a bhainistiú, agus iomaíochas na hEorpa á fheabhsú ag an am céanna;

---

[5] Go háirithe an Conradh ar na Prionsabail lena rialaítear Gníomhaíochtaí Stát i dTaiscéalaíocht agus in Úsáid an Chianspáis, lena n-áirítear an Ghealach agus Reanna Neimhe eile an 27 Eanáir 1967.

5. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil tosca ar nós sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht bunriachtanach chun 'úsáid chóir inbhuanaithe an spáis' a bhaint amach; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an acmhainneacht agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige an Aontais maidir le bainistiú spástráchta, i gcomhréir leis na conclúidí ón gcomhairle maidir le cur chuige an Aontais i leith bainistiú spástráchta; IS DÍOL SÁSAIMH DI cumais a threisiú trí rannchuidiú chuibhreannas SST an Aontais agus trí chomhpháirtíocht nuafhoirmithe SST an Aontais, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, agus freisin tionscnaimh mar shampla comhar ar an leibhéal domhanda lena ndírítear ar úsáid shábháilte, shlán agus inbhuanaithe an spáis a áirithiú;

6. MOLANN SÍ don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis an Ardionadaí, féachaint ar na ceanglais chun gníomhaíochtaí spáis atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe a áirithiú, agus gnéithe slándála agus cosanta á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha, ar ceanglais iad a bheidh le leanúint ag na soláthraithe seirbhísí satailíte uile a thairgeann seirbhísí don Aontas agus dá shaoránaigh, agus iomaíochas na hEorpa á bhfeabhsú ag an am céanna, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a roinnt i measc na mBallstát agus trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairimí a mhalartú leis na Ballstáit agus féachaint ar bhearta dreasachta chun soláthraithe seirbhísí satailíte a spreagadh chun úsáid a bhaint as ionstraimí nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de a forbraíodh ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta chun úsáid inbhuanaithe an spáis a chothú;

8. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dea-chleachtais a mhalartú maidir le ceadúnú seolta, nósanna imeachta sábháilteachta agus maidir le bearta lena ndírítear ar úsáid inbhuanaithe an spáis a áirithiú faoi dhlíthe náisiúnta spáis, chun cineálacha cur chuige comhsheasmhacha a bhunú idir Ballstáit an Aontais lena n-áirítear le cabhair ón mbosca uirlisí dá bhforáiltear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta – Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda';

9. ADMHAÍONN SÍ nach mór éifeachtaí an truaillithe solais agus na trasnaíochta leictreamaighnéadaí go háirithe ó chnuasaigh satailíte a chur san áireamh agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm chun drochthionchair ar bhreathnóirí réalteolaíocha agus ar thaighde ar fud an domhain a íoslaghdú; IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí Choiste na Náisiún Aontaithe um Úsáid Shíochánta an Chianspáis (UN COPUOS) i ndáil leis an méid sin;

10. AITHNÍONN SÍ an riosca a bhaineann le guais aimsire spáis do bhonneagar agus seirbhísí spáis agus do bhonneagar criticiúil ar an talamh; agus MOLANN SÍ don Choimisiún seirbhísí aimsire spáis dá bhforáiltear sa rialachán maidir leis an spás a fhorbairt a thuilleadh, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gur acmhainn nádúrtha theoranta iad na minicíochtaí a bhíonn á n-úsáid ag seirbhísí spásbhunaithe agus i ngníomhaíochtaí spáis agus nach mór iad a úsáid go réasúnach, go héifeachtúil agus go heacnamaíoch; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit ceadúnú na minicíochtaí a bhainistiú chun tacú le húsáid chóir inbhuanaithe an spáis;

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leanúint de na 21 threoirlíne dheonacha a chur chun feidhme maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach Gníomhaíochtaí Cianspáis; MOLANN SÍ don Choimisiún agus don Ardionadaí, i gcomhar leis na Ballstáit, cur chuige comhbheartaithe comhordaithe a shaothrú maidir leis an gcaoi is féidir na treoirlínte sin a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear i gclár spáis an Aontais agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, chun teacht ar chur chuige Eorpach a bheidh inbhuanaithe san fhadtéarma; MEASANN SÍ, go háirithe, gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an gceanglas atá ann faoi láthair maidir le satailítí a dhíchoimisiúnú go sábháilte 25 bliana tar éis dheireadh a ré; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún moltaí a chur ar aghaidh maidir le ceanglais a bheidh le plé ag na Ballstáit chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach agus ar ceanglais iad a d’fhéadfadh na Ballstáit agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a chur in iúl, i gcás inarb infheidhme, do na fóraim idirnáisiúnta ábhartha;

13. MOLANN SÍ don Choimisiún dul ar aghaidh leis na céimeanna is gá don Aontas chun a dhearbhú, i gcás inarb iomchuí, go nglacfaidh an tAontas le cearta agus oibleagáidí an Chomhaontaithe maidir le Spásairí a Tharrtháil, an Choinbhinsiúin maidir le Dliteanas agus an Choinbhinsiúin Clárúcháin faoi Chonarthaí agus Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás;

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh treoirlínte a chur chun feidhme ar fud an domhain, ar treoirlínte iad a bhféadfadh úsáid shábháilte inbhuanaithe an spáis a bheith mar thoradh orthu, i gcomhréir leis an obair atá á déanamh ag UN COPUOS agus a fhochoistí; agus AITHNÍONN SÍ gur gá caomhnú shábháilteacht, shlándáil agus inbhuanaitheacht an spáis a chur chun cinn a thuilleadh ar leibhéal iltaobhach.